

CAIBIDIL 26

AN RÉ ÓRGA

An Róimh agus Flórans

Ré órga ba ea an tréimhse i stair ealaín na hIodáile ar a dtugtar an tArd-Renaissance inniu. Aithníodh é sin le linn na tréimhse féin fiú. I bhFlórans a bhí príomhfhoinsé an Renaissance ach bhí baint nach beag ag an Róimh agus ag an bPápa léi. Bhí suim ag na Pápaí i gcónaí ina raibh ar siúl i bhFlórans, ach bhí eacnamaíocht na Róimhe i ndroch-chaoi agus is in olcas a chuaigh an scéal sna blianta tar éis do na Pápaí a bheith ar deoraíocht sa Fhrainc. Chuir dhá Phápa rompu an scéal a leigheas: Iúil II den teaghlach clúiteach Rovere, agus níos déanaí, Leo X, mac le Lorenzo de' Medici. Cé go raibh an dá Phápa an-éagsúil lena chéile ó thaobh pearsantachta, dearcadh polaitiúil agus cultúir de bhí rud amháin i bpáirt acu: bhí an bheirt acu meáite ar chathair na Róimhe a chur ar ais mar lárionad cultúrtha agus polaitíochta faoi cheannasaíocht an Phápa. Bhí siad sásta níos mó airgid a chaitheamh chun é sin a dhéanamh ná mar a caitheadh riamh roimhe sin. Ó 1503 go 1521 d'fhostaigh siad ceardaithe agus ealaíontóirí chun Baisleac Pheadair a atógáil, na sráideanna a athnuachan, séipéil agus droichid a thógáil agus chun cuid de na saothair ealaíne is mó cáil ar domhan sa lá atá inniu ann a chruthú. D'fhág an méid sin ar fad go raibh an tréimhse sin ar an gceann ba rafaire go dtí sin i gcathair na Róimhe.

Nuálaíocht i gcúrsaí péintéireachta

Tharla roinnt athruithe nuálacha i gcúrsaí ealaíne i gcathair na Róimhe. Bhí níos mó den réalachas le feiceáil sa phéintéireacht. Tosaíodh ar léiriú níos grinne a dhéanamh ar cheannaithe agus ar dhreach an duine, agus ar na mothúcháin

in aghaidh an duine. Rinneadh forbairt agus leathnú freisin ar gheáitsí agus ar ghluaiseachtaí na ndaoine a léiríodh san ealaín. Chomh maith leis sin, bhí nasc níos nádúrtha á dhéanamh idir na daoine sna pictiúir.

De Pitura le Alberti

Foilsíodh *De Pitura* (Faoin bPéintéireacht) le Alberti sa bhliain 1435. Tráchtas a bhí ann inar leag Alberti amach a chuid teoiricí maidir leis na fáthanna ar cheart ealaíontóirí a aithint mar dhaoine léannta agus ar cheart meas níos mó a bheith ag a bpobal orthu. Bhí na teoiricí sin réabhlóideach go maith, ach rinne sé rud cliste nuair a cheangail sé an phéintéireacht leis an gcéimseata agus leis an óráidíocht, dhá cheann de na saorealáiona. Ní hamháin sin, ach thug sé le fios gur bhain an phéintéireacht le prionsaí agus le maíthe móra an tsaol chlasaicigh, agus dá réir sin, gur gníomhaíocht í a bhí oiriúnach do dhaoine léannta. Ba é an chéad uair é ar cuireadh an t-ealaíontóir i láthair mar fhear cultúrtha seachas mar cheardaí gan léann. Chuir Alberti tús le plé ar theoiric na healaíne, plé a leanfadh ar aghaidh ar feadh an dá chéad bliain ina dhiaidh sin.

I Laidin a scríobh Alberti an leabhar, ach d'aistrigh sé go hIodáilis é gan mhoill ar mhaithe le healaíontóirí Fhlórans.

Chuir sé struchtúr na péintéireachta i gcomparáid leis an gcéimseata Eoilídeach. Chomh maith leis sin, lean sé de choinecheap a d'fhorbair Brunelleschi maidir leis an líníocht pheirspictíoch, ach bhain sé úsáid as an matamaitic agus as an optaic chun cur leis an teoiric sin.

D'áitigh Alberti ar phéintéirí gan dearmad a dhéanamh ar an gceangal a bhí acu le healaíontóirí an tseansaoil chlasaicigh. Mhol sé dóibh a gcúl a thabhairt leis an ór sa phéintéireacht agus dathanna a úsáid chun an saol iarbhir a léiriú. Mhol sé staidéar a dhéanamh ar anatamaíocht agus an cholainn dhaonna a péinteáil ag tosú le cnámha na duine agus feoil agus éadaí a chur leo ina dhiaidh sin. Mhol sé freisin go ndéanfaí léiriú nádúrtha ar ghothaí agus ar dhreacha daoine ionas go bhfeicfí mothúcháin na ndaoine agus iad ag freagairt dá chéile.

## Ó cheardaí go ginias

Roimh an Renaissance is ceardaí a bhí san ealaíontóir, dar leis an saol mór. Ach mhaígh an scríbhneoir cáiliúil daonnachach Leon Battista Alberti go gcaithfeadh léann a bheith ar an ealaíontóir agus meas ar a chuid tuairimí sula mbeadh rath air mar ealaíontóir. Scríobh Leonardo da Vinci gur eolaíocht a bhí sa phéintéireacht freisin agus go raibh sí inchurtha le saothair chasta intleachtúla eile.

De réir mar a glacadh leis na smaointe sin i measc an phobail, tháinig athrú as cuimse ar ghairm agus ar stádas an ealaíontóra. Faoi thús an 16ú haois, glacadh leis go raibh tuairimí fiúntacha ag ealaíontóirí agus bhí an tsaoirse acu iad a roinnt le daoine a raibh oideachas orthu, a gcuid pátrún san áireamh. Sa lá atá inniu ann, bítear ag súil go mbeadh mianach faoi leith in ealaíontóir. Bhí an tuairim chéanna nach mór ag teacht chun cinn gur duine cruthaitheach intleachtúil é an t-ealaíontóir agus gur duine ar leith a bhí ann, ginias, b'fhéidir.

## Stádas nua ag ealaíontóirí

Sa bhliain 1550, d'fhoilsigh Vasari leabhar dar teideal *Le Vite de' più eccellenti architetti, pittori, et scultori* (*Beathaí na Sárphéintéirí, na Sárdhealbhóirí agus na Sárailtí*). Chuir Vasari síos ar **thrí ré an Renaissance** maidir leis na healaíona san Iodáil. Bhain an chéad ré leis an 13ú haois nuair a mhair 'an chéad ghluin' agus ealaíontóirí mar Giotto ina measc sin. Thosaigh **an dara ré** go luath sa 15ú haois nuair a rinneadh dul chun cinn i gcúrsaí **peirspictíochta** agus sa léiriú **nádúrtha a tosaíodh a dhéanamh ar an gcolainn dhaonna**. Thosaigh an tríú ré le saothair Leonardo da Vinci nuair a **cuireadh barr maise ar an líníocht, ar an gcomhréir agus ar an bhfineáltacht ó thaobh áilleachta agus ealaíne de**. Ba é saothar Michelangelo buaic na ré sin; tugadh 'Michelangelo naofa' air agus measadh gur tabhartas ó Dhia an talann a bhí aige.

292

## Ealaíontóirí an Ard-Renaissance

Fiú lena linn féin, bhí meas ar Leonardo da Vinci agus ar Michelangelo mar shármháistrí. D'fhág sé sin go raibh an tsaoirse acu glacadh le coimisiúin nó gan glacadh leo de réir mar ba mhian leo féin. Ba mhór an mhaise do phátrún saothar ar bith le healaíontóir an-cháiliúil a fháil agus níor mhiste leo gur nós le Leonardo saothar a fhágáil gan críochnú. Bhí de dhánacht ag Michelangelo dul ag argóint leis an bPápa agus deirtear go raibh lucht leanúna ag Rafael mar a bheadh ag prionsa.

## Leonardo da Vinci (1452–1519)

Ba é Leonardo an té ba shine agus ba chluí de mháistrí móra an Renaissance. Chuir sé tús le gluaiseacht nua a d'fhág athruithe bunúsacha ar chúrsaí ealaíne agus a dhealaigh é ó ealaíontóirí eile. Chaith sé cuid mhór dá chuid ama agus fuinnimh ag plé le cúrsaí eolaíochta. Shamhlaigh sé gairis agus teoiricí fiú nach ndearnadh forbairt orthu go dtí ár linn féin. Le cois na mbuanna sin, bhí ardchumas ann mar ealaíontóir,

rud a d'fhág gur dhuine fíor-eisceachtúil amach is amach é. Na teicnící nua péintéireachta a chleacht sé, bhí tionchar acu ar fhorbairt na healaíne san Iodáil ar feadh breis agus céad bliain tar éis a bháis.

Dar le Leonardo, bhí an phéintéireacht ar cheann de na gairmeacha ab uaisle sa saol agus chaith sé formhór a shaoil ag iarraidh a chruthú gur gníomhaíocht intleachtúil a bhí inti. Ba é an dearcadh coitianta a bhí ann i dtaobh na péintéireachta ag an am gur obair uiriseal láimhe a bhí inti agus nár theastaigh mórán éirime ná meabhrach chuici, ach chuaigh teoiricí Leonardo i gcion ar dhaoine agus chuidigh siad go mór chun an dearcadh sin a athrú.

## Tús a shaoil

Rugadh agus tógadh Leonardo i mbaile beag darbh ainm Vinci i gcnoic na Tuscáine. Abhcóide ó Fhlórans ba ea a athair agus cailín aimsire ba ea a mháthair. Agus é ar scoil bhí sé ar fheabhas ag an líníocht agus bhí an-suim aige sa dúlra cheana féin.

Cuireadh Leonardo ina phrintíseach chuig Andrea del Verrochio, péintéir agus dealbhóir. Ach bhí an oiread talainne ag Leonardo gur sháraigh sé a mháistir gan mórán moille. Go bhfios dúinn, is é an pictiúr is luaithe leis ná aingeal óg álainn in *Battesimo di Cristo* (*Baisteadh Chríost*) le Verrochio (fíor 26.1). De réir an scéil, nuair a chonaic Verrochio chomh hálainn is a bhí saothar Leonardo le taobh a choda féin gur leag sé uaidh a scuab ar an bpointe agus gur dhírigh sé ar an dealbhóireacht as sin go deireadh a shaoil.



FÍOR 26.1 BATTESIMO DI CRISTO (*Baisteadh Chríost*), Andrea del Verrochio, Gailearaí Uffizi, Flórans



FIOR 26.2 L'ULTIMA CENA  
(An Suipéar Deireanach), Leonardo  
da Vinci, Santa Maria delle Grazie,  
Milano

Bhí ainm in airde ar Leonardo i bhFlórans ach d'éirigh sé mífhoighneach. Scríobh sé litir fhada, a raibh an-iomrá uirthi ina dhiaidh sin, chuig diúc Mhilano, Ludovico Sforza. Thairg sé a chuid scileanna dó mar innealtóir, mar thógálaí canálacha, mar fhear deartha airm cogaidh, agus i ndeireadh báire ar fad, mar phéintéir.

## Milano

Bhí Ludovico Sforza ar dhuine de na prionsaí ba shuibhre agus ba chumhachtaí san Iodáil le linn thréimhse an Renaissance.

Chaith sé na múrtha airgid ag iarraidh na healaíona agus na heolaíochtaí a chur chun cinn. Thugtaí *Il Moro* (An Múrach) air de bharr a chraiceann a bheith an-dorcha agus bhíodh na móra agus na maithe ag an gcúirt ghalanta a bhí aige féin agus ag a bhean, Beatrice d'Este, i gcathairstát Mhilano. A bhuíochas le *Il Moro* atá ceann de na saothair is fearr ar phéintéireacht na hIodáile i Milano inniu. Ba é *Il Moro* a d'íoc as séipéaal *Santa Maria delle Grazie* a atógáil agus as *L'Ultima Cena* (An Suipéar Deireanach), an freascó clúiteach a rinne Leonardo da Vinci sa mhainistir in aice láimhe.



FIOR 26.3 L'ULTIMA CENA (An Suipéar  
Deireanach), Domenico Ghirlandaio, Chiesa  
di Ognissanti, Flórans

## An Suipéar Deireanach

Bhí cur agus cúiteamh i measc ealaíontóirí le fada maidir le coincheap an chomhrá. Ní hamhain gur theastaigh uatha na gníomhaíochtaí a léiriú, ach theastaigh uathu an chumarsáid féin a léiriú. In *An Suipéar Deireanach* d'éirigh le Leonardo an fhadhb sin a réiteach ach géaitsí, gothaí agus dreacha na ndaoine a léiriú. Tá an pictiúr sin anois ar cheann de na saothair is cáiliúla agus is tábhachtaí i stair na healaíne san Iarthar. Bhí tionchar aige ar ealaíontóirí ó shin i leith agus spreag sé ealaíontóirí chun an ghníomhaíocht idir daoine a léiriú ar bhealach nua. Ar an drochuair, tá an freascó i ndroch-chaoi sa lá inniu de bharr iarrachtaí a rinne Leonardo agus é ag iarraidh an pictiúr a thabhairt chun foirfeachta.

### Teicnící nua á dtriail maidir le freascó

Ar na ballaí i bproinnteach (seomra bia) na manach a phéinteáil Leonardo an freascó. Ach bhí fadhb aige sa mhéid is gur thriomaigh an freascó go han-tapa, rud a d'fhág nach raibh Leonardo in ann na mionsonraí a phéinteáil mar ba mhian leis. Ní raibh sé sásta leis an saothar agus chuaigh sé sa tóir ar réiteach teicniúil. Bhain sé triail as olaphéint a mheascadh le péint teampara (an cineál péinte a d'úsáidtear chun painéil a phéinteáil) agus chuir sé an péint anuas ar an bplástar féin. Ach ba thubaisteach an réiteach é. Níor oir sé don aeráid thais i dtuaisceart na hIodáile agus laistigh de scór bliain, bhí meath ag teacht ar an bhfreascó. Táthar ag iarraidh an phictiúr a chaomhnú ó shin i leith.

### Briseadh le Traidisiún

Ainneoin go bhfuil an freascó i ndroch-chaoi, tá maorgacht fós ann. Aithníodh ardchaighdeán an tsaothair fiú san am ina ndearnadh é agus rinneadh an-chuid cóipeanna de. Le fada roimhe sin, bhí ealaíontóirí in iomaíocht lena chéile

chun an pictiúr ab fhearr a dhéanamh de théama an tSuipéir Dheireanaigh, ach rinne Leonardo léiriú úrnua ar fad air. Níl aon chosúlacht idir an pictiúr a rinne seisean agus na pictiúir a rinneadh roimhe sin. Sna pictiúir thraidisiúnta (fíor 26.3), feictear na haspail ina suí le hais Íosa Chríost agus an t-arán á bheannú go sollúnta aige. Bhíodh lúdás i gcónaí scartha ón ngrúpa agus é ar an taobh eile den bhord. I bpictiúr Leonardo, áfach, cuireann géaitsí agus dreacha na bhfíoracha scéal na heachtra in iúl go soiléir drámata (fíor 26.4).

### An Scéal á Léiriú ag Leonardo

Rinne Leonardo staidéar ar na sleachta sa Tiomna Nua a bhaineann leis an Suipéar Deireanach agus shamhlaigh sé an rírá nuair a d'fhógair Íosa: 'Déanfaidh duine agaibh mé a bhrath.' Is sár-léiriú ar shíceolaíocht agus ar mhothúcháin an duine é. Feictear an t-uafás atá ar na haspail; tá siad trína chéile agus in amhras futhú féin agus diúltaíonn siad glacadh lena bhfuil ráite ag Íosa (fíor 26.5).

Mar go raibh leithead mór sa phictiúir, shocraigh Leonardo na haspail ina ngrúpaí agus iad ag claonadh i dtreo Íosa nó ag claonadh uaidh. Mar ghrúpa, tá scanradh, fearg agus brón le feiceáil ar a n-aghaidh agus ar gheáitsí a lámh, fiú, rud a aontaíonn mar ghrúpa iad. Ardaíonn duine acu a lámha agus teannann sé lena ucht iad amhail is dá mbeadh sé ag rá: 'An mise é, a Thiarna?' Tá scian ina lámh aige ag Naomh Peadar agus é ag claonadh chun tosaigh chun cogar a chur i gcluais Eoin atá ina shuí ar dheis Íosa. Brúnn siad lúdás i leataobh agus fágtar deighilte ón gcuid eile den ghrúpa é. Cúlaíonn sé, agus tá codarsnacht idir é agus an chaoi a bhfuil Íosa ina shuí. Tá a dhorn dúnta agus scian Pheadair lena dhroim. Fanann Íosa go socair i lár báire, agus cuma uasal shéimh air ainneoin gur aigesean amháin a thuigeann cad atá i ndán dó.



FIG. 26.4 Na haspail in L'ULTIMA CENA (*An Suipéar Deireanach*), Leonardo da Vinci



FÍOR 26.5 Geáitsí láimhe in L'ULTIMA CENA (An Suipear Deireanach), Leonardo da Vinci

### Peirspictíocht chliste

Tá an pictiúr seo leagtha amach go han-éifeachtach. Le féachaint air, cheapfá go bhfuil an balla ag dul siar sa phictiúr agus gur ag an mbord uachtair sa seomra atá an grúpa. Tá fuinneog i lár an phictiúir taobh thiar de Chríost agus tá an solas ina naomhluan nadúrtha os a chionn. Tagann na línte peirspictíochta go léir le chéile ar aghaidh Chríost. Idir é sin, agus an t-éadach gorm agus dearg atá air, tarraingítear an tsúil go dtí íosa Chríost láithreach bonn.

### Fear Renaissance

Meastar gurb é Leonardo an eiseamláir d'fhear Renaissance é ós é a bheith an-ildánach. Léiríonn na fearais a cheap sé agus an taighde a rinne sé go raibh sárchur amach aige ar gach gné den léann – an eolaíocht nádúrtha, an innealtóireacht, an ailtireacht, an fhealsúnacht agus an ealaín. Le linn dó a bheith i Milano, scríobh sé saothar ollmhór, *Trattato della Pittura* (Tráchtas ar Chúrsaí Péintéireachta), saothar a raibh tionchar aige ar ealaíontóirí ar feadh na gcéadta bliain ina dhiaidh.

### Ealaíontóir Cúirte

Mar ealaíontóir cúirte, thit sé ar Leonardo féilte ollmhóra a eagrú ar ócáidí speisialta. Ach ina theannta sin, dhear sé foirgnimh, córais draenála, airm chogaidh, agus ar ndóigh, an t-árthach air a bhfuil an oiread cáile air (fíor 26.6).

### Suim san Eolaíocht

Bhí spéis ag Leonardo sa mhatamaitic, sa gheolaíocht, sa cholainn dhaonna agus in ábhair eolaíochta eile. Ba nós leis a chuid smaointe ar na hábhair sin a bhreacadh síos i lámhscríbhinní. Caomhnaíodh na mílte leathanach de na scríbhinní sin tar éis a bháis agus úsáideann staraithe na



FÍOR 26.6 Sceitse d'árthach air i measc phaipéir Leonardo da Vinci

scríbhinní sin anois chun tuiscint a fháil ar smaointe casta Leonardo. Rinne sé iarracht go leor ceisteanna éagsúla a réiteach

agus bhí a bhealach leithleach féin aige le ceist a fhuascailt. Ba nós leis mionscrúdú agus scagadh críochnúil a dhéanamh ar cibé ní a bhí idir lámha aige nó a raibh spéis aige ann.

### Grinnscrúdú ar na heolaíochtaí nádúrtha

Cé gur ábhar an-chonspóideach í san am, rinne Leonardo staidéar ar an anatamaíocht agus d'fhaigheadh sé corpáin chun dioscadh a dhéanamh orthu. Faoi rún, tháinig sé ar roinnt mhaith gnéithe d'anatamaíocht an duine i bhfad sula raibh siad ar eolas ag an bpobal i gcoitinne. Bhíodh sé de shíor ag tarraingt sceitsí (fíor 26.7).



296

FÍOR 26.7 An leanbh sa bhroinn, leathanach i measc phaipéir Leonardo da Vinci, Leabharlann Ríoga Chaisleán Windsor

### Líon Beag Pictiúr

Is beag ealaíontóir a rinne an oiread sin liníochtaí agus a phéinteáil a laghad sin pictiúr agus a rinne Leonardo. Ní mhaireann ach 15 phictiúr agus freascó amháin dá chuid, ach maireann an iliomad liníochtaí dá chuid fós: líonaíochtaí de dhaoine, d'áiteanna, de phlandaí agus de ghnéithe eile den dúlra, chomh maith le staidéir ar ainmhithe, go háirithe ar chapail.

Bhí sé ag obair ar feadh i bhfad ar shaothar ollmhór in onóir do Francesco Sforza. Dealbh de chapall a beadh ann, é 26 troithe ar airde agus é ag éirí ar a chosa deiridh. Bheadh an dealbh sin ar an gceann ba luaithe dá chineáil, ach de bharr deacrachtaí

teicniúla, níor teilgeadh an leagan créumha riamh den chré, agus tá an leagan cré cailte.

### Gabháil Mhilano

B'éigean do Leonardo teitheadh as Milano faoi dheifir nuair a d'ionsaigh saighdiúirí na Fraince an chathair. Ach sular fhág sé, chonaic sé saighdiúirí na Fraince ag milleadh a shaothair, iad caochta agus ag úsáid an chapail chré le haghaidh cleachtadh targaide.

### Forbairtí Teicniúla

#### Peirspectíocht an atmaisféir

Chuir Leonardo suim sa tslí a mbíonn tionchar ag an mbáisteach agus dusta ar an bpeirspectíocht. Scrúdaigh sé an chaoi a imríonn siad ar dhath agus ar aireachtaíil faid agus bhí sé ar dhuine de na chéad ealaíontóirí a bhain leas as peirspectíocht an atmaisféir.

### Maighdean na gCarraigeacha

Má rinne Leonardo grinnstaidéar ar an dúlra, tá a thoradh sin le feiceáil sna plandaí agus sna bláthanna sa phictiúr *La Vergine della Rocce* (*Maighdean na gCarraigeacha*). Tá sé le brath freisin ar na srutháin agus ar na carraigeacha sa tírdhreach aduain atá sa chúlionad.



FÍOR 26.8 LA VERGINE DELLA ROCCE (*Maighdean na gCarraigeacha*), Leonardo da Vinci, Louvre, Páras

Phéinteáil sé dhá leagan den phictiúr le linn dó a bheith i Milano. Tá an chéad cheann sa Louvre anois agus tá an dara ceann sa Ghealaráí Náisiúnta i Londain. Tá an radharc suite i bhfochla diamhar a cheap Leonardo féin. Phéinteáil sé an Mhaighdean, an Leanbh agus Naomh Eoin go grámhar ach tá diamhracht éigin fós ann, tréith atá le sonrú i bpictiúir de chuid Leonardo. Cuireann solas deas bog agus an cúlionad dorcha creagach go mór le diamhair an chéad leagain, ach tá an dara leagan rud beag níos foirmeálta.

### Sfumato

Bhí Leonardo de shíor ag imirt le solas agus le scáth agus d'fhorbair sé teicníc ar a dtugtar *sfumato* (focal Iodáilise ar deatach). Cuireann sin cuma níos nádúrtha ar na himlínte (is é sin nach bhfuil imlíne na bhfíoracha ró-ghéar). Fágann sé go mbíonn aistriú réidh ann ón solas go dtí an scáth. Bhain sé an-úsáid as an teicníc ar aghaidheanna, go háirithe sna saothar diaga aige agus ina chuid portráidí.

### Portráidí

Seachas a shaothar diaga, ba é an príomhchineál oibre a rinne Leonardo ná portráidí. Mná a phéinteáil sé; bhain sé úsáid as réimse an-leathan teicnící agus fágadh cuma mhachnamhach dhiamhair ar na saothair sin.

### Ginevra de' Benci

Go traidisiúnta, is ar uair a pósta a dhéantaí portráid de bhean, agus bheadh leathghaidh na mná le feiceáil sa phictiúr. Ní bhíodh mórán d'aighe ná de phearsantacht na mná le brath



FÍOR 26.9 GINEVRA DE' BENCI, Leonardo da Vinci, An Gailearaí Náisiúnta, Washington, DC

sna pictiúir sin. Is a mhalairt atá fíor i gcás *Ginevra de' Benci* le Leonardo (fíor 26.9). Ba í sin an chéad phortráid le Leonardo. Tá trí cheathrú dá haghaidh le feiceáil ann agus í ag stánadh orainn go sochma staidéartha. In aimsir an Renaissance níor ghnách le bean féachaint idir an dá shúil ar an bportráidí (fear), ach níorbh ionann an scéal ag Ginevra, áfach. Bean den teaghlach saibhir de' Benci a bhí inti, teaghlach cumhachtach a raibh oideachas orthu. Bhí cáil na háilleachta uirthi agus d'éirigh le Leonardo an áilleacht neamhshaoil sin a ghabháil sa tslí is gur deacair dearmad a dhéanamh ar a haghaidh. Ní raibh sí ach 17 mbliana d'aois nuair a rinneadh an phortráid agus í ar tí fear a bhí dhá oiread níos sine ná í a phósadh.

### Bean agus Eirmín Aici

Is í Cecilia Gallerani an bhean atá sa phortráid ghalánta dhea-chumtha ar a dtugtar *Bean agus Eirmín Aici* (fíor 26.10). Bean mór le rá i gcúirt dhiúc Mhilano ba ea í, bean a eile a raibh clú na háilleachta uirthi. B'fhile í chomh maith agus bhí dúil aici sa Laidin. Bhí sí ina leannán luí ag diúc Mhilano agus rugadh mac dóibh. Cé go raibh bean chéile Ludovico, Beatrice, go mór in éad léi, léirigh Leonardo í agus eirmín ina baclainn aici. Ba cheann de shamhaltáin Ludovico é an eirmín, is é an focal Gréigise ar eirmín ná *galen* agus is imeartas focal é ar *Gallerani*, sloinne Cecilia. Arís eile, seachas an staidiúr traidisiúnta, léiríodh Cecilia agus í casta go modhúil



FÍOR 26.10 DAMA CON L'ERMELLINO (*Bean agus Eirmín Aici*), Leonard da Vinci, Músaem Czartoryski, Kraków



FIGÚR 26.11 MONA LISA, Leonardo da Vinci, Louvre, Páras

298

i dtreo na lámhe clé, rud a fhágann go bhfuil a haghaidh, a bráid agus cuair a guailí le feiceáil go soiléir. Cuimlions sí fionnadh slíochta an eirmín lena lámh mhín agus a méara fada barrchaola (gné a fheictear go minic i saothair de chuid Leonardo). Bhí cáil láithreach ar an bpictiúr as a *grazia*, nó as an míne agus as an modhúlacht a bhain leis. As sin amach, bhí sé ina eiseamláir nua do phortráidí de mhná cúirte.

### *Mona Lisa*

Is í *Mona Lisa* an phortráid is mó le rá de chuid Leonardo (fíor 26.11). Rinne sé í i gcaitheamh tréimhse an-mhíshocair dá shaol tar éis dó filleadh ar Fhlórans ó Mhílano. Bhain sé úsáid as na teicnící *sfumato* agus *chiaroscuro* (úsáid an tsolais agus scátha) ina chuid portráidí uile, agus shílfeá go leáfadh na fíoracha isteach sa chúlionad. Thug sé an dá theicníc sin chun barr foirfeachta, áfach, in *Mona Lisa*.

Níl aon phictiúr eile i stair an Renaissance a tharraing an oiread sin cainte agus achrainn. Deirtear faoin meangadh beag gáire ar a haghaidh go bhfuil idir mhistéir agus doimhneacht

ag baint leis. Is é an meangadh sin a d'fhág go bhfuil an pictiúr sin níos clúití ná aon saothar eile dá chuid. Is é, is dócha, an sampla is fearr agus is iomráití de dhreach duine nach féidir a mhíniú go cinnte.

Bhain Leonardo leas as scuabobair den scoth agus as cleasanna cliste eile chun an craiceann beo agus fillteacha an éadaigh a léiriú go paiteanta. Sárshaothar é a mheallfaidh aird na sluaite go ceann na mblianta. Deirtear gur chaith Leonardo na blianta ag obair air agus é de shíor ag déanamh mionathruithe. Nuair a d'imigh sé chun na Fraince, thug se leis é agus is sa Louvre atá sé anois. Tá an pictiúr féin i ndroch-chaoi anois, áfach, agus de bharr na n-ábhar a bhí in úsáid aige, tá sé thar a bheith deacair é a chaomhnú.

## Níos Déanaí ina Shaol

### An Róimh

Sula ndeachaigh Leonardo chun na Fraince, thug sé aghaidh ar an Róimh ar dtús agus é ag súil go bhfaigheadh sé coimisiúin ón bPápa nuathofa, Leo X. D'fhan sé sa Róimh ar feadh dhá bhliain ach níor thug an Pápa aon aird air. Dar leis an bPápa, b'ealaíontóir é nár chríochnaigh a lán coimisiúin agus a raibh teip iomlán ar scéimeanna eile leis. Mheas sé go raibh ré Leonardo thart agus ba mhó i bhfad a chuaigh na healaíontóirí a raibh obair den scoth déanta acu le haghaidh Julius II i gcion air. B'fhearr i bhfad leis an bPápa nua an t-ealaíontóir óg ó Urbino, Raffaello Sanzio, agus an sárealaíontóir ó Fhlórans, Michelangelo Buonarroti, a raibh Leonardo in iomaíocht leis le fada.

### An Fhrainc

Ní mó ná sásta a bhí údarais na hEaglaise san Iodáil le saothar Leonardo ach oiread. Dar leo, bhí na saothair frith-Chríostaí. Sa deireadh, b'éigean dó an Iodáil a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar an bhFrainc. Lorg sé tearmann i gcúirt rí na Fraince, cúirt a bhí níos liobráláí, agus is ann a fuair sé bás sa bhliain 1519.

## Conclúid

Tharla plé den chéad uair riamh ar theoiric na healaíne le linn na tréimhse ar a dtugtar an tArd-Renaissance. Ba é an toradh a bhí air ná gur tháinig athrú ar stádas na n-ealaíontóirí. Roimhe sin, bhí meas ceárdaí orthu ach ina dhiaidh sin b'fhir léinn iad agus bhí meas ar an oideachas a bhí orthu agus ar a gcuid smaointe. Bhí meas máistir ar leithéidí Leonardo da Vinci agus go dtí an lá inniu féin níor rugadh bua ar áilleacht ná ar chaighdeán na saothar ealaíne a rinneadh i gcaitheamh Ré Órga na healaíne san Iodáil.



### Ceisteanna

1. Dar le Vasari, cérbh iad trí ré an Renaissance?
2. Cén tábhacht a bhí le tráchtas Alberti, *De Pittura*, le linn an Renaissance?
3. Cén fáth a bhfuil *An Suipeár Deireanach* le Leonardo i ndroch-chaoi anois?
4. Déan liosta de na forbairtí teicniúla a rinne Leonardo.
5. Cad is ciall le *sfumato*?

### Aiste

1. Pléigh an dul chun cinn a rinneadh i gcúrsaí péintéireachta agus maidir le stádas an ealaíontóra in aimsir an Ard-Renaissance.
2. Is minic é ráite gurb é Leonardo da Vinci an eiseamláir is fearr ar fad d'fhear Renaissance. Cén fáth a gceaptar gur duine eisceachtúil ba ea é mar ealaíontóir?

### Staidéar ar phictiúr daite

1. Scrúdaigh *An Suipeár Deireanach* le Leonardo da Vinci agus mínigh an chaoi ar réitigh sé an fhadhb maidir leis an gcomhrá.
2. Scrúdaigh an phortráid de Cecilia Gallerani, *Bean agus Eirmín Aici*, le Leonardo (fíor 26.10) agus déan cur síos ar ar gaoi neamhchoitianta ar léirigh sé na mná ina chuid portráidí. Déan comparáid idir an pictiúr sin agus roinnt portráidí eile a rinne sé de mhná.